

II

(Faisnéis)

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

**Fógra ón gCoimisiún maidir leis an léirmhíniú ar fhorálacha dlíthiúla áirithe den Gníomh
Tarmligthe maidir le Nochtadh faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht AE i dtaca le
gníomhaíochtaí agus sócmhainní eacnamaíocha incháilithe a thuairisciú**

(2022/C 385/01)

Tá sé d'aithne ag an doiciméad seo le haghaidh ceisteanna coitianta soiléiriú a dhéanamh ar inneachar an Gníomh Tharmligthe maidir le Nochtadh faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht AE (“an Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh”) ⁽¹⁾ chun cabhrú lena chur chun feidhme.

Leis na ceisteanna coitianta atá sa doiciméad seo, déantar soiléiriú ar na forálacha atá sa reachtaíocht is infheidhme cheana féin. Ní leathnaítear leo ar aon bhealach na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an reachtaíocht sin ná ní thugtar isteach leo aon cheanglas breise ar na hoibreoirí lena mbaineann agus ar na húdaráis inniúla lena mbaineann. Níl sé d'aithne ag na ceisteanna coitianta ach cabhrú le gnóthais airgeadais agus neamhairgeadais na forálacha dlíthiúla ábhartha a chur chun feidhme. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus í sin amháin, atá inniúil ar dhlí an Aontais a léirmhíniú. Leis na tuairimí a léirítear san Fhógra seo, ní féidir réamhbhreith a dhéanamh ar an seasamh a d'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach a ghlacadh os comhair an Aontais agus os comhair na gcúirteanna náisiúnta.

An 20 Nollaig 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún 22 cheist choitianta maidir leis an gcaoi ar cheart do gnóthais airgeadais agus neamhairgeadais gníomhaíochtaí agus sócmhainní eacnamaíocha atá incháilithe don tacsanomaíocht a thuairisciú i gcomhréir leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Comhlánaítear na ceisteanna coitianta sin leis an doiciméad seo.

CLÁR

Leathanach

Ceisteanna coitianta ginearálta	3
1. Cé na gnóthais a bhfuil feidhm ag an oibleagáid tuairiscithe faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, an Gníomh Tarmligthe, maidir leo?	3
2. Conas a shainmhínítear “gníomhaíocht eacnamaíoch” sa Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh?	4
3. Cad is gníomhaíocht eacnamaíoch atá incháilithe don Tacsanomaíocht ann?	4
4. Cad is gníomhaíochtaí eacnamaíocha “cumasúcháin” agus “idirthréimhseacha” ann i gcomhthéacs an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?	5
5. Conas incháilitheacht a shainaithint agus a thuairisciú le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leis an oiriúnú?	5

⁽¹⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shonrú, agus ina sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nochtadh sin a chomhlíonadh (IO L 443, 10.12.2021, lch. 9).

6. Conas ba cheart cóid NACE a úsáid chun gníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht a shainaithint i gcomhthéacs an tuairiscithe incháilitheachta?	6
7. An féidir le gnóthais faisnéis dheonach a thuairisciú i gcomhthéacs an tuairiscithe maidir le hincháilitheacht don Tacsanomaíocht?	6
Gnóthais neamhairgeadais	7
8. Cé chomh fada agus ba cheart do ghnóthais measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht ina luachshlabhra, idir ghníomhaíochtaí réamhtheachtacha agus ghníomhaíochtaí iartheachacha?	7
9. Conas gníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht a shainaithint, ar gníomhaíochtaí iad a bhfuil cáilitheoirí, amhail “ísealcharbón” agus “priacail a bhaineann leis an aeráid”, ina dtuairiscí ar ghníomhaíocht?	8
10. Ar cheart do ghnóthais miondealú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht a thuairisciú de réir an chuspóra comhshaoil?	8
11. Conas a shainmhínítear láimhdeachas, caiteachas caipitiúil agus caiteachas oibriúcháin i gcomhthéacs an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?	9
12. Cad é an raon feidhme atá le “caiteachais dhíreacha eile” a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh?	11
13. Conas ba cheart do ghnóthais ioncaim dhiúltacha a chur san áireamh i gcomhthéacs an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?	11
14. Ar cheart do ghnóthais tuairisciú dubailte ar ghníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht a sheachaint? ...	12
15. Ar cheart d'eintiteas láimhdeachas atá incháilithe don Tacsanomaíocht a thuairisciú i gcás nach é féin a dhéanann an ghníomhaíocht eacnamaíocht, ach fochonraitheoir?	12
16. Conas ba cheart do ghnóthais neamhairgeadais tuairisciú a dhéanamh ar tháirgí agus ar sheirbhísí a úsáidtear go hinmheánach agus a dhíoltar go seachtrach araon?	12
17. Conas ba cheart do ghnóthais neamhairgeadais caitheamh le sócmhainní doláimhsithe faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?	13
18. Ar cheart do ghnóthais neamhairgeadais incháilitheacht a ngníomhaíochtaí neamh-AE don acsanomaíocht a thuairisciú?	13
19. Conas ba cheart do ghnóthais neamhairgeadais caitheamh leis an láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí incháilithe a dhí-chomhdhlúthaítear le linn na bliana airgeadais?	13
Gnóthais airgeadais	14
20. Cad ba cheart do ghnóthais airgeadais a thuairisciú mura bhfuil faisnéis faoi eintitis fholuiteacha ar fáil go poiblí? ..	14
21. Cad í an difríocht idir sócmhainní cumhdaithe agus sócmhainní iomlána i gcomhthéacs an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?	14
22. Ar cheart airgead tirim agus sócmhainní coibhéise airgid a mheas i gcomhthéacs an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?	15
Bainisteoirí sócmhainní	15
23. Conas a fhéadfaidh bainisteoirí sócmhainní ualú a dhéanamh ar a sealúchais i bpunann chun sócmhainní atá incháilithe don Tacsanomaíocht a thuairisciú?	15
24. An gcáilíonn morgáistí mar shócmhainní incháilithe le haghaidh bainisteoir sócmhainní (mar infheistíocht) nó le haghaidh an bhainc a sholáthair an iasacht ar dtús, agus lena n-aghaidh sin amháin?	15
Árachóirí	16
25. Cad iad na gníomhaíochtaí ba cheart d'arachóir agus d'atharachóir a mheas agus a ngníomhaíochtaí frithgheallta á dtuairisciú acu i gcomhthéacs an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?	16
Institiúidí creidmheasa	16
26. An bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí tuairiscithe faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh maidir le heintiteas mór nach institiúid creidmheasa é faoi Airteagal 4 den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil ach a gcaitear leis mar ghnóthas airgeadais faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais? ..	16
27. Conas is féidir caiteachas caipitiúil a bheith bainteach leis an iasachtú ilchuspóireach i gcomhthéacs an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?	16
28. Conas ba cheart d'institiúid creidmheasa ag a bhfuil ceadúnas gnólachta infheistíochta faoin Treoir maidir le margáí in ionstraimí airgeadais (MiFiD) a gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht a thuairisciú?	17

Margadh fiachais	17
29. Conas measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar incháilitheacht sócmhainne fiachais, amhail banna nó iasacht, don Tacsanomaíocht?	17
30. An gá úsáid na bhfáltas uile ó tháirgí fiachais a fhíorú go neamhspleách má thuairiscítear iad mar fháltas atá incháilithe don Tacsanomaíocht?	18
31. An féidir ionstraimí fiachais ghlaís ó eintitis neamh-AE a thuairisciú mar ionstraimí atá incháilithe don Tacsanomaíocht?	18
32. An féidir fiachas ceannasach glas a thuairisciú mar fhiachas atá incháilithe don Tacsanomaíocht?	18
Idirghníomhaíocht le rialacháin eile	19
33. Conas a idirghníomhaíonn an Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh leis na ceanglais atá beartaithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach?	19

CEISTEANNA COITIANTA GINEARÁLTA

1. Cé na gnóthais a bhfuil feidhm ag an oibleagáid tuairiscithe faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, an Gníomh Tarmligthe, maidir leo?

Leis an nGníomh Tarmligthe lena bhforlíontar Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht (Rialachán (AE) 2021/2178) (“an Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh”), leagtar amach ceanglais shonracha maidir le tuairisciú a bhaineann le Tacsanomaíocht a dhéanann gnóthais a chumhdaítear le Treoir AE 2014/95 (an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais) ⁽¹⁾.

Go sonrach, tá crostagairt in Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2020/852 ⁽²⁾ (an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht) d’Airteagail 19a agus 29a de Threoir (AE) 2013/34 ⁽³⁾ (an Treoir Chuntasaíochta) a tugadh isteach le Treoir AE 2014/95 (an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais). Níos beaichte fós, sonraítear sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht “aon ghnóthas atá faoi réir oibleagáide faisnéis neamhairgeadais a fhoilsiú de bhun Airteagal 19a nó Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE, áireoidh sé ina ráiteas neamhairgeadais nó ina ráiteas comhdhlúite neamhairgeadais faisnéis maidir leis an gcaoi agus a mhéid a bhaineann gníomhaíochtaí an ghnóthais le gníomhaíochtaí airgeadais a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí airgeadais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Airteagail 3 agus 9 den Rialachán seo”. Is é sin le rá, gnóthais atá faoi réir oibleagáidí tuairiscithe éigeantacha faoin Treoir Chuntasaíochta, tá oibleagáidí tuairiscithe orthu freisin faoin Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

I gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta, tá na gnóthais seo a leanas faoi réir na hoibleagáide faisnéis neamhairgeadais a fhoilsiú: gnóthas mór mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4) den Treoir sin ar eintiteas leasa phoiblí é mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) den Treoir sin ag a bhfuil níos mó ná 500 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais; agus eintiteas leasa phoiblí ar máthairghnóthas de ghrúpa mór é mar a shainmhínítear in Airteagal 3(7) den Treoir sin ag a bhfuil níos mó ná 500 fostaí ar an meán ar bhonn comhdhlúite le linn na bliana airgeadais. I bhfianaise Airteagal 8(1) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, tá na gnóthais sin faoi réir na n-oibleagáidí nocht a bhaineann leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht freisin.

In Airteagal 8(1) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, ní thagraítear go sonrach do bhearta náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais, ar bearta iad lena bhféadfaí a raon feidhme a leathnú chun catagóirí eile gnóthas beag a chumhdach. Dá bhrí sin, na ceanglais tuairiscithe faoi Airteagal 8(1) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, tá feidhm acu maidir le gnóthais atá faoi raon feidhme na Teorach maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais go díreach. Níl feidhm acu maidir leis na gnóthais sin a chumhdaítear leis an dlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais, agus leis sin amháin. Mar sin féin, faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, gnóthais a chumhdaítear leis an dlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais, agus leis sin amháin, is féidir leo a n-ailíniú leis an Tacsanomaíocht a thuairisciú ar bhonn deonach.

⁽¹⁾ Treoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann le faisnéis neamhairgeadais agus faisnéis éagsúlachta a bheith á nochtadh ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe (IO L 330, 15.11.2014, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

⁽³⁾ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Teoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

2. Conas a shainmhínítear “gníomhaíocht eacnamaíoch” sa Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh?

Leagtar síos sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht aicmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Tá an t-aicmiú sin bunaithe den chuid is mó ar an Ainmníocht Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha (NACE), an t-aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach.

Déantar gníomhaíocht eacnamaíoch nuair a chomhcheanglaítear acmhainní amhail caipiteal, earraí, saothar, teicnící monaraíochta nó táirgí idirmheánacha chun earraí nó seirbhísí sonracha a tháirgeadh. Ar na saintréithe a bhíonn aici tá ionchur acmhainní, próiseas táirgthe agus aschur táirgí (earraí nó seirbhísí).

I Rialachán AE 2021/2139 (an Gníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid) ⁽³⁾, tugtar tuairisc ar chritéir agus sanntar critéir ar leibhéal ard. Ní thagraítear d'aon gníomhaíocht eacnamaíoch ar leith ann, ach do chatagóirí gníomhaíochtaí eacnamaíocha. Mar shampla, leagtar síos ann critéir maidir leis an gcatagóir ghinearálta dar teideal “monarú stroighne”, seachas critéir maidir le monarú stroighne aon oibreora shonraigh in aon ghléasra sonrach.

An tagairt d'earnálacha NACE sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, níl inti ach tagairt tháscach agus ní gá gur tagairt uileghabhálach í. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh gníomhaíocht eacnamaíoch a bheith ag teacht leis an tuairisc ar gníomhaíocht agus na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid (larscríbhinní I agus II a ghabhann leis) fiú mura liostaítear earnáil NACE na cuideachta sa roinn ábhartha den Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid.

3. Cad is gníomhaíocht eacnamaíoch atá incháilithe don Tacsanomaíocht ann?

In Airteagal 1(5) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh sainmhínítear gníomhaíocht eacnamaíoch incháilithe mar gníomhaíocht a dtugtar tuairisc uirthi sna gníomhartha tarmligthe a glacadh faoi Airteagal 10(3), Airteagal 11(3), Airteagal 12(2), Airteagal 13(2), Airteagal 14(2) agus Airteagal 15(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Maidir leis an tréimhse tuairiscithe dar críoch 2022 (agus maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2021), comhfhreagraíonn an sainmhíniú sin do gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dtugtar tuairisc orthu sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid mar a glacadh é an 4 Meitheamh 2021.

Go sonrach, de réir Airteagal 1(5) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, tá gníomhaíocht eacnamaíoch incháilithe gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil sí i gcomhréir le haon cheann nó gach ceann de na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid (agus i ngníomhartha tarmligthe amach anseo). Dá bhrí sin, i bhfianaise gníomhaíocht eacnamaíoch a bheith incháilithe don Tacsanomaíocht, ní thugann sé sin aon léiriú ar fheidhmíocht chomhshaoil ná ar inbhuanaitheacht na gníomhaíochta sin.

I bprionsabal, má ghineann gnóthas láimhdeachas nó má infheistíonn sé i gcaiteachas caipitiúil (CapEx) nó i gcaiteachas oibriúcháin (OpEx) a chomhfhreagraíonn do gníomhaíocht eacnamaíoch a dtugtar tuairisc uirthi sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, mheasfaí é a bheith incháilithe don nochtadh maidir le hincháilitheacht don Tacsanomaíocht. Os a choinne sin, mura n-áirítear gníomhaíocht sa Ghníomh Tarmligthe go fóill, níor cheart a mheas go bhfuil sí incháilithe. Thairis sin, is creat dinimiciúil í an Tacsanomaíocht lenar cheart a raon feidhme gníomhaíochtaí a leathnú le himeacht ama, go háirithe trí chuspóirí comhshaoil eile a chur san áireamh, rud lenar cheart raon feidhme na ngníomhaíochtaí incháilithe a leathnú dá réir.

Go praiticiúil, is í sainaithint na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht an chéad chéim i dtreo measúnú a dhéanamh ar ailíniú gníomhaíochtaí eacnamaíocha leis na critéir scagtha theicniúla Tacsanomaíochta. Is é atá i ngníomhaíochtaí incháilithe an réimse bhunlíne gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'acmhainn acu ailíniú leis na critéir scagtha theicniúla, lena n-áirítear gníomhaíochtaí idirthréimhseacha nó gníomhaíochtaí cumasúcháin.

Mar phrionsabal ginearálta, ba cheart an tuairisciú incháilitheachta, i gcomhréir le hAirteagal 10 den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, a bheith ina chuidiú do ghnóthais ullmhú le haghaidh a nochtuithe ailínithe amach anseo ⁽⁴⁾.

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar gníomhaíocht lena rannchuidítear go substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1).

⁽⁴⁾ Ar mhaithe le soiléireacht, tugtar faoi deara nach ionann gníomhaíochtaí incháilithe agus ainmneoir eochairtháscaire feidhmíochta an ailínithe tacsanomaíochta. I gcás gnóthais neamhairgeadais, bainfead úsáid as caiteachas caipitiúil iomlán, caiteachas oibriúcháin iomlán agus láimhdeachas iomlán. Sócmhainní cumhdaithe le haghaidh eochairtháscaire feidhmíochta gnóthas airgeadais.

Ar deireadh, sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid agus sa Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní dhéantar idirdhealú idir gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó gníomhaíochtaí gnó *lárnacha agus neamhlárnacha*. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha uile a thuairisciú i gcomhréir leis an sainmhíniú ar incháilitheacht faoi Airteagal 1(5) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, mar a mhínítear thuas.

Tugtar tuairisc bhreise ar an amlíne maidir le nochtuithe incháilitheachta agus le nochtuithe ailínithe i gCeist 2 de na ceisteanna coitianta a foilsíodh an 20 Nollaig 2021.

4. Cad is gníomhaíochtaí eacnamaíocha “cumasúcháin” agus “idirthréimhseacha” ann i gcomhthéacs an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?

In Airteagail 16 agus 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, sainmhínítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha cumasúcháin agus idirthréimhseacha ⁽⁷⁾. Is é is gníomhaíochtaí idirthréimhseacha ann na gníomhaíochtaí sin nach bhfuil roghanna malartacha ísealcharbóin ar fáil go fóill ina leith agus a bhfuil leibhéil astaíochtaí gás ceaptha teasa acu a chomhfhreagraíonn don fheidhmíocht is fearr san earnáil nó sa tionscal, ar gníomhaíochtaí iad atá i gcomhréir leis an dá choinníoll seo a leanas: (i) leis na gníomhaíochtaí sin, níor cheart bac a chur ar fhorbairt agus ar úsáid roghanna malartacha ísealcharbóin agus (ii) níor cheart gaibhniú sócmhainní diancharbóin a bheith mar thoradh orthu, i bhfianaise shaolré eacnamaíoch na sócmhainní sin. Ar an taobh eile, is é is gníomhaíochtaí cumasúcháin ann na gníomhaíochtaí sin lena gcuirtear ar a gcumas do dhaoine eile rannchuidiú go mór le cuspóir comhshaoil.

I gcás tuairiscíú incháilitheachta i gcomhréir le hAirteagal 10 den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, gníomhaíochtaí eacnamaíocha a shainmhínítear mar ghníomhaíochtaí cumasúcháin nó idirthréimhseacha, níor cheart caitheamh leo ar bhealach difriúil le gníomhaíochtaí eile. Má tá siad laistigh de raon feidhme na tuairisce faoi seach, ba cheart iad a shainaithint mar ghníomhaíochtaí atá incháilithe.

Mar sin féin, tugtar faoi deara nach bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch ina gníomhaíocht idirthréimhseach ná chumasúcháin faoi Thacsanomaíocht AE ach amháin ar choinníoll go bhfuil sí i gcomhréir leis na critéir scagtha theicniúla sa roinn ábhartha d'Iarscríbhinn I agus II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid. Dá bhrí sin, agus go háirithe le haghaidh na chéad bhliana nó le haghaidh na chéad bhlianta den tuairisciú incháilitheachta i gcomhréir le hAirteagal 10 den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní féidir na gníomhaíochtaí sin a mheas mar ghníomhaíochtaí atá incháilithe a bheith ina ngníomhaíochtaí cumasúcháin nó a bheith ina ngníomhaíochtaí idirthréimhseacha agus ní féidir iad a thuairisciú, i.e. iad a mharcaíl mar sin, ach amháin ar bhonn deonach. Níl difríocht idir sin agus an tuairisciú incháilitheachta le haghaidh gníomhaíochtaí eile, nach dtugann incháilitheacht léiriú ar fheidhmíocht chomhshaoil na gníomhaíochta sna cásanna sin.

5. Conas incháilitheacht a shainaithint agus a thuairisciú le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leis an oiriúnú?

Áirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid dhá chineál gníomhaíochtaí éagsúla ar féidir leo a bheith ina rannchuidiú mór leis an oiriúnú don athrú aeráide:

- gníomhaíochtaí oiriúnúcháin, i.e. gníomhaíochtaí lena n-áirítear réitigh oiriúnúcháin i gcomhréir le hAirteagal 11(1)(a) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ⁽⁸⁾.
- gníomhaíochtaí eacnamaíocha cumasúcháin, i.e. gníomhaíochtaí lena soláthraítear réitigh oiriúnúcháin i gcomhréir le hAirteagal 11(1)(b) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ⁽⁹⁾.

Bíonn difríocht idir ceanglais tuairiscithe incháilitheachta ag brath ar cibé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht eacnamaíoch marcáilte mar ghníomhaíocht chumasúcháin nó mar ghníomhaíocht oiriúnúcháin in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid. I gcás na chéad chatagóra sin (gníomhaíochtaí cumasúcháin), is féidir an láimhdeachas mar aon leis an gcaiteachas caipitiúil agus an caiteachas oibriúcháin comhfhreagrach a cháiliú mar ghníomhaíochtaí incháilithe ⁽¹⁰⁾.

⁽⁷⁾ Féach Airteagail 10(2) agus 16 de Rialachán AE 2020/852 maidir le Tacsanomaíocht.

⁽⁸⁾ In Airteagal 11(1)(a) de Rialachán AE 2020/852 maidir le Tacsanomaíocht, tagraítear do ghníomhaíochtaí lena n-áirítear réitigh oiriúnúcháin lena laghdaítear go mór an riosca go mbeidh drochthionchar ag an aeráid mar atá faoi láthair agus mar a mheastar a bheidh amach anseo, ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin nó réitigh oiriúnúcháin lena laghdaítear go mór an drochthionchar sin, gan an riosca a mhéadú go mbeidh drochthionchar ar dhaoine, ar an dúlra nó ar shócmhainní;

⁽⁹⁾ In Airteagal 11(1)(b) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, tagraítear do ghníomhaíochtaí lena soláthraítear réitigh oiriúnúcháin, sa bhreis ar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 16 a chomhlíonadh, réitigh atá ina rannchuidiú mór leis an drochthionchar atá ag an aeráid mar atá faoi láthair agus mar a mheastar a bheidh amach anseo ar dhaoine, ar an dúlra nó ar shócmhainní a chosc nó a laghdú, gan an riosca a mhéadú go mbeidh drochthionchar ar dhaoine, ar an dúlra nó ar shócmhainní eile.

⁽¹⁰⁾ I gcomhréir le haithris 48 den Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid “...Mar sin féin, i gcás inarb é príomhghnó na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha lena gcumasaítear oiriúnú i gcomhréir le hAirteagal 11(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2020/852 teicneolaíochtaí, táirgí, seirbhísí, faisnéis nó cleachtais a sholáthar, a bhfuil sé de chuspóir acu leibhéal athléimneachta daoine eile, an dúlra, na hoidhreacht cultúrtha, sócmhainní nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile a mhéadú in aghaidh rioscaí fisiceacha aeráide, sa bhreis ar chaiteachas caipitiúil, ba cheart an láimhdeachas a fhaightear ó earraí nó seirbhísí atá bainteach leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin a mheas mar chion den láimhdeachas a fhaightear ó earraí nó seirbhísí atá bainteach leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháiliú mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.”

I gcás an dara catagóir (gníomhaíochtaí oiriúnúcháin), ní mór don eintiteas tuairiscithe a léiriú go ndearnadh an measúnú riosca aeráide agus an measúnú leochaileachta agus gur socraíodh plean caiteachais chun réitigh oiriúnúcháin a chur chun feidhme lena laghdaítear na rioscaí fisiceacha aeráide is mó a bhaineann leis an ngníomhaíocht mar a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann le hIarscríbhinn II. Ní féidir leis an eintiteas tuairiscithe caiteachas caipitiúil agus caiteachas oibriúcháin na gníomhaíochta oiriúnúcháin a chur san áireamh le haghaidh na hincháilitheachta don Tacsanomaíocht ach amháin má chomhlíontar na ceanglais sin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara anseo nach féidir an láimhdeachas a fhaightear ó earraí agus ó sheirbhísí atá bainteach le gníomhaíocht oiriúnúcháin a aithint le haghaidh na hincháilitheachta don Tacsanomaíocht. Is amhlaidh atá toisc, a luaitear a dhéantar an rannchuidiú mór le gníomhaíocht a oiriúnú don athrú aeráide (i.e. a luaitear a bheidh an ghníomhaíocht athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide), nár cheart an láimhdeachas a chomhfhreagraíonn don ghníomhaíocht sin a áireamh mar láimhdeachas incháilithe. Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé go soláthrófaí nó nach soláthrófaí sochair chomhshaoil leis an ngníomhaíocht oiriúnúcháin.

6. Conas ba cheart cóid NACE a úsáid chun gníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht a shainithint i gcomhthéacs an tuairiscithe incháilitheachta?

Córas aicmithe le haghaidh táirgí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha is ea NACE. Le cóid NACE, cuirtear creat ar fáil chun réimse leathan staidrimh a bhailiú agus a chur i láthair i réimsí eacnamaíocha, bunaithe ar ghníomhaíocht eacnamaíoch.

Baintear úsáid as ceithre leibhéal le haghaidh NACE. Uaireanta áirítear níos mó ná ceithre leibhéal i dtrasuíonna náisiúnta chóid NACE, ach is ionann na chéad ceithre leibhéal i ngach Ballstát.

Leis na tuairiscí uile ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a áirítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, foráiltear gur féidir na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir faoi seach a bheith ag freagairt do chóid sonracha NACE amháin nó níos mó.

Thairis sin, soiléirítear in aithris 6 den Gníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid gur cheart tagairtí do chóid NACE a thuiscint mar thagairtí tásca. Ba cheart an measúnú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht a dhéanamh i bhfianaise na tuairisce sonraí ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch a sholáthraítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid.

Go sonracha, ba cheart cóid NACE a bheith ina gcuidiú d'úsáideoirí dul tríd an Tacsanomaíocht, go háirithe na húsáideoirí sin a oibríonn cheana le cóid NACE. Is féidir cóid NACE a bheith ina gcuidiú chun gníomhaíochtaí atá incháilithe don tacsanomaíocht a shainithint (nach gníomhaíochtaí ailínithe iad). Mar sin féin, ní leagtar amach raon feidhme beacht na ngníomhaíochtaí a áirítear sa Gníomh ach amháin sa tuairisc ar ghníomhaíocht shonrach atá sa Gníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid.

Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin:

- má tá cóid NACE níos leithne ná an tuairisc ar ghníomhaíocht, beidh forlámhas ag an tuairisc thar raon feidhme an chóid NACE;
- más rud é nach bhfuil cóid NACE ag ghníomhaíocht eacnamaíoch ach go bhfuil sí i gcomhréir leis an tuairisc ar ghníomhaíocht, is féidir í a cháiliú mar ghníomhaíocht atá incháilithe don Tacsanomaíocht;
- mura gcomhfhreagraíonn tuairisc ar ghníomhaíocht go hiomlán do ghníomhaíocht an ghnóthais, d'fhéadfadh sé gur gá gníomhaíochtaí an ghnóthais a dheighilt ionas gur féidir na codanna faoi seach teacht faoin tuairisc ar ghníomhaíocht nó faoi roinnt gníomhaíochtaí a ndéantar tuairisc orthu ar leithligh;
- mura luaitear cóid NACE na gníomhaíochta eacnamaíche sa Gníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, ach go gcomhfhreagraíonn an ghníomhaíocht eacnamaíoch don tuairisc ar an ngníomhaíocht, is féidir í a cháiliú mar ghníomhaíocht atá incháilithe don Tacsanomaíocht.

7. An féidir le gnóthais faisnéis dheonach a thuairisciú i gcomhthéacs an tuairiscithe maidir le hincháilitheacht don Tacsanomaíocht?

Mar riail ghinearálta, leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní chuirtear bac ar nochtadh deonach gníomhaíochtaí gnóthas. Os a choinne sin, moltar do gach gnóthas atá faoi réir na hoibleagáide tuairiscithe aon fhaisnéis bhreise ábhartha a thuairisciú go deonach i gcás ina measann siad go bhfuil sí sin ábhartha d'infheisteoirí chun tuiscint níos fearr a fháil ar incháilitheacht an eintitis don tacsanomaíocht.

Mar sin féin, agus mar phrionsabal ginearálta le haghaidh gach gnóthais, níl an nochtadh deonach ina chuid den nochtadh éigeantach faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus ba cheart d'eintitismíniú a thabhairt i gcónaí ar na cúiseanna leis an nochtadh sin a dhéanamh.

Thairis sin, leis an nochtadh deonach níor cheart teacht salach ar an bhfaisnéis éigeantach faoin nGníomh Tarmlichte maidir le Nochtadh ná mífhaisnéis a thabhairt ina leith. Níor cheart níos mó tábhachta a thabhairt do nochtuithe deonacha ná mar a thugtar do nochtuithe éigeantacha. Má áiríonn gnóthas nochtadh deonach, ba cheart dó mionsonraí tacaíochta a chur leis ina leagtar amach na nithe seo a leanas ⁽¹¹⁾:

- an bunús leis an nochtadh sin;
- na modhanna a úsáidtear chun é a ullmhú; agus
- míniú soiléir ar an difríocht idir é agus an tuairisciú éigeantach.

San fhaisnéisiú ⁽¹²⁾ i ndáil leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, cuirtear tuilleadh comhairle ar fáil maidir le dea-chleachtais i leith tuairisciú deonach agus úsáid dheonach na dteimpléad le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta sa chéad bhliain den tuairisciú nó sna chéad bhlianta den tuairisciú.

Gnóthais neamhairgeadais

8. Cé chomh fada agus ba cheart do ghnóthais measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht ina luachshlabhra, idir ghníomhaíochtaí réamhtheachtacha agus ghníomhaíochtaí iartheachacha?

Go ginearálta, ní bhíonn measúnú ar luachshlabhra gnóthais i gceist leis an tuairisciú ar ghníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht, arae i bhformhór na gcásanna níl tagairtí don luachshlabhra sna tuairiscí ar na ghníomhaíochtaí sa Gníomh Tarmlichte maidir leis an Aeráid. Ar an gcaoi chéanna, níltear ag súil go ndéanfaidh cuideachtaí measúnú ar inbhuanaitheacht a gcuid soláthróirí, go háirithe le linn chéim an tuairiscithe incháilitheachta.

Leis an Tacsanomaíocht, leagtar amach critéir de réir na hearnála agus na gníomhaíochta, seachas de réir na líne táirgí nó na cuideachta. Maidir le cuideachtaí a ghineann ioncam i roinnt earnálacha laistigh de luachshlabhra táirge amháin, ní mór dóibh na próisis éagsúla agus na codanna éagsúla sa luachshlabhra a nochtadh ar fud na n-earnálacha agus na ngníomhaíochtaí sin. Baineann sé sin le gníomhaíochtaí a dhéanann an t-eintiteas tuairiscithe, seachas a sholáthróirí. Oibreoirí atá gníomhach i roinnt earnálacha ar fud luachshlabhra táirge amháin nó luachshlabhra teicneolaíochta amháin, ach nach gineann ioncam ón táirge sin ach faoi ghníomhaíocht amháin, ní mór dóibh a nochtadh faoin ngníomhaíocht ginte ioncaim shonrach sin, agus faoin ngníomhaíocht sin amháin.

Maidir le láimhdeachas a thuairisciú, ní bheidh sócmhainní agus próisis i luachshlabhra gníomhaíochta incháilithe ach amháin má áirítear iad go sainráite sa tuairisc ar ghníomhaíocht. Mar shampla, más rud é nach dtagraíonn an tuairisc ach amháin do mhonarú táirgí deiridh, ní bheidh ghníomhaíochtaí idirmheánacha sa luachshlabhra incháilithe go huathoibríoch. Dá réir sin, níl monarú comhpháirteanna sonracha gluaisteáin agus feithicle incháilithe go huathoibríoch faoin roinn dar teideal “teicneolaíochtaí ísealcharbóin a mhonarú le haghaidh iompair”. Ó thaobh an tsoláthróra de, fágann sé sin nach bhfuil ghníomhaíocht cuideachta, ar soláthróir gníomhaíochta atá incháilithe don Tacsanomaíocht í, de réir sainmhínithe, incháilithe don Tacsanomaíocht agus nach bhfuil monarú comhpháirteanna sonracha le haghaidh gluaisteán incháilithe mar réamhshocrú faoin ngníomhaíocht dar teideal “teicneolaíochtaí ísealcharbóin a mhonarú le haghaidh iompair”. Is amhlaidh atá toisc nach nglactar cur chuige ró-ghinearálta i leith gníomhaíochtaí réamhtheachtacha maidir leis an Tacsanomaíocht AE. Ina ionad sin, leagtar amach inti critéir shonracha le haghaidh gach gníomhaíocht a áirítear, lena n-áirítear na critéir ábhartha “gan dochar suntasach a dhéanamh”.

Mar sin féin, tá príomh-chomhpháirteanna áirithe incháilithe, ar comhpháirteanna iad a leagtar amach i Ranna ar leithligh, amhail comhpháirteanna le haghaidh ceallraí nó hidrigine (i Ranna 3.2 agus 3.4). Thairis sin, is féidir monarú comhpháirteanna a cháiliú faoin roinn dar teideal “teicneolaíochtaí ísealcharbóin eile a mhonarú” (Roinn 3.6 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmlichte maidir leis an Aeráid) i gcás nach gcumhdaítear iad le ranna eile agus ina bhfuil siad i gcomhréir leis an tuairisc ar ghníomhaíocht. Ós rud é go bhfuil an tuairisc ar ghníomhaíocht i Roinn 3.6 an-leathan, ba cheart cóid NACE C22, C25, C26, C27 agus C28 a mheas mar chomhairle i leith raon feidhme na gníomhaíochta sin. Áirítear i raon feidhme chóid NACE na gníomhaíochta sin go háirithe boinn agus leathsheoltóirí, i gcás ina bhfuil na táirgí sin i gcomhréir leis an tuairisc ar ghníomhaíocht (féach ceist 19 freisin). Os a choinne sin, ní chumhdófaí mianadóireacht leis an tuairisc.

Chun caiteachas caipitiúil agus caiteachas oibriúcháin a thuairisciú, tá gach ceannachán sócmhainní mar aon le próisis nó seirbhísí atá fíor-riachtanach chun gníomhaíocht incháilithe ar leith a dhéanamh incháilithe freisin. Na comhpháirteanna a cheannaíonn monaróirí gluaisteán chun gluaisteáin ísealcharbóin a mhonarú, tá siad incháilithe. Faoin tuairisciú ar incháilitheacht, ní gá do na monaróirí gluaisteán nó feithiclí scagadh a dhéanamh ar a soláthróirí agus ar a gceannacháin aonair. Ní mór dóibh a chinneadh an bhfuil a bpróiseas monaraíochta féin ina ghníomhaíocht eacnamaíoch atá incháilithe don Tacsanomaíocht, agus an méid sin amháin. Má mheastar go bhfuil a ngníomhaíocht féin incháilithe don Tacsanomaíocht, meastar go bhfuil an caiteachas caipitiúil le haghaidh infheistíochtaí i sócmhainní fíor-riachtanacha nó i gcomhpháirteanna fíor-riachtanacha a chomhfhreagraíonn don ghníomhaíocht sin incháilithe don Tacsanomaíocht. Sampla eile is ea bogearraí a cheannach, ar bogearraí iad atá fíor-riachtanach chun réitigh TFC a fhorbairt nó a úsáid chun an t-athrú aeráide a mhaolú, i gcás ina bhfuil na réitigh sin incháilithe faoi ghníomhaíocht 8.2.

⁽¹¹⁾ Féach freisin ceist 12 de na ceistanna coitianta a foilsíodh an 20 Nollaig 2021.

⁽¹²⁾ Breithnithe an Ardáin maidir le faisnéis dheonach a thuairisciú faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

Ó thaobh cliaint de, maidir le haschuir ó ghníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht a cheannach, de réir sainmhínithe, níl sé sin incháilithe. Mar shampla, ní cháilítear fuinneamh in-athnuaite a cheannach, de réir sainmhínithe, mar ghníomhaíocht atá incháilithe don Tacsanomaíocht ⁽¹³⁾. Maidir le ceannach aschuir atá incháilithe don Tacsanomaíocht, níl sé sin incháilithe ach amháin i gcás inar féidir é a thuairisciú mar cheann de na cineálacha éagsúla caiteachais chaipitiúil nó caiteachais oibriúcháin a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, go háirithe amhail grianphainéil a shuiteáil ar fhoirgnimh, mar shampla, a chumhdaítear le catagóir (c) de chaiteachas caipitiúil atá luaite i Roinn 1.1.2.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh (féach Ceist 11 freisin).

9. **Conas gníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht a shainaithint, ar gníomhaíochtaí iad a bhfuil cáilitheoirí, amhail “ísealcharbón” agus “priacail a bhaineann leis an aeráid”, ina dtuairiscí ar ghníomhaíocht?**

Tá na tuairiscí ar ghníomhaíocht sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid ina bpointe tagartha chun gníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht a shainaithint. Mar sin féin, tá “cáilitheoirí” i roinnt tuairiscí a d'fhéadfaí a thuiscint ar bhealach suibhiachtúil, cáilitheoirí amhail “ísealcharbón”, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an incháilitheacht i gcásanna áirithe.

Maidir leis an incháilitheacht, is rud í sin nach bhfuil ag brath ar chomhlíonadh na gcritéar scagtha teicniúil ach a ndéantar measúnú uirthi ar bhonn na tuairisce ar an ngníomhaíocht, agus ar an mbonn sin amháin. Na cáilitheoirí, amhail feithiclí “ísealcharbón” nó soithí “ísealcharbón” chun críoch Roinn 3.3 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid (“teicneolaíochtaí ísealcharbón a mhonarú le haghaidh iompair”), nach sainmhínítear iad ar bhealach soiléir, níor cheart iad a chur san áireamh ach amháin chun an chomhlíontacht leis na critéir scagtha theicniúla a chinneadh agus, dá bhrí sin, níl siad ábhartha maidir leis an tuairisciú ar incháilitheacht. Mar shampla, bheadh monaróir gluaisteán in ann a chuid gníomhaíochtaí monaraithe gluaisteán a thuairisciú mar ghníomhaíochtaí incháilithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le gluaisteáin innill dócháin.

Ar an taobh eile, i gcás na gníomhaíochta dar teideal “teicneolaíochtaí ísealcharbón eile a mhonarú” (Roinn 3.6), tugtar cuspóir na gníomhaíochta le fios sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Cumhdaítear leis an ngníomhaíocht teicneolaíochtaí monaraithe atá “dírithe ar laghdúithe substaintiúla ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) sa tsaolré in earnálacha eile den gheilleagar”. Chun go mbeidh aon ghníomhaíocht nó aon táirge incháilithe don mhaolú ar an athrú aeráide faoin gcatagóir sin, ní mór é a bheith de chuspóir ag an ngníomhaíocht nó ag an táirge laghdú substaintiúil ar astaíochtaí GCT a chumasú in earnáil eile den gheilleagar. Fágann sé sin, más í an teicneolaíocht is fearr ina hearnáil í, ach nach bhfuil sí dírithe ar laghdúithe substaintiúla ar astaíochtaí in earnáil eile, nach mbeadh sí incháilithe. Mar shampla, próiseas monaraithe scriúna atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de nach é is aidhm dó cuidiú le hastaíochtaí a laghdú in earnáil eile, ní bheadh sé incháilithe.

Ar an gcaoi chéanna, i ngníomhaíocht 10.1 in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid (“Árachas neamhshaoil: frithghealladh priacail a bhaineann leis an aeráid”) tagraítear do “phriacail a bhaineann leis an aeráid”. Leagtar iad sin amach in Auisín A a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid (“Guaiseacha a bhaineann leis an aeráid a aicmiú”). Ní fhéadfaidh gnóthais árachais réim ghnó a áireamh mar réim ghnó atá incháilithe don Tacsanomaíocht ach amháin má tá beartas ann ina bhfuil téarmaí a bhaineann leis an mbealach a gcaithfear le priacail aeráide.

10. **Ar cheart do ghnóthais miondealú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht a thuairisciú de réir an chuspóra comhshaoil?**

Gníomhaíochtaí atá ina rannchuidiú leis an maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú aeráide, mar a shainmhínítear sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, tá siad laistigh de raon feidhme na chéad bhliana tuairiscithe nó na chéad bhlianta tuairiscithe.

Le hAirteagail 10(2) agus 10(3) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní cheanglaítear go n-úsáidfear na teimpléid tuairiscithe dá bhforáiltear sna hIarscríbhinní le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta. Ní cheanglaítear leo go sainráite idirdhealú idir cuspóirí comhshaoil maidir le maolú agus oiriúnú sa chéad bhliain nó sna chéad bhlianta den tuairisciú incháilitheachta.

Mar sin féin, is é a mholtar do ghnóthais úsáid a bhaint ar bhonn deonach as na teimpléid atá sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh lena gceanglaítear cuspóirí comhshaoil a dheighilt le haghaidh an tuairiscithe ailínithe.

⁽¹³⁾ Féadfar athbhreithniú a dhéanamh air sin thar thréimhse ama i bhfianaise an phacáiste “Oiriúnach do 55” agus na gcuspóirí aeráide a chomhaontaigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

Tá údar leis an moladh sin toisc go gceanglófar ar ghnóthais, agus iad ag tuairisciú a n-eochairtháscairí feidhmíochta um ailíniú leis an Tacsanomaíocht i gcomhréir leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, miondealú a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ar bhonn a rannchuidithe i leith cuspóirí comhshaoil mar a shonraítear i dtáblaí na nIarscríbhinní a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. D'fhágfadh sé sin go mbeadh sé níos fusa an tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht a chur i gcomparáid leis an tuairisciú ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht. Ina theannta sin, bheadh an tuairisciú níos comhsheasmhaí le linn na chéad bhliana nó le linn na chéad bhlianta de thuairisciú incháilitheachta na ngnóthas chun ullmhú dá dtuairisciú ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht, ar bhonn deonach.

I gcás na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear, tá forluí mór idir an maolú ar an athrú aeráide agus an t-oiriúnú don athrú aeráide. Mar sin féin, chun na heochairtháscairí feidhmíochta um ailíniú a thuairisciú, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil roinnt difríochtaí tábhachtacha idir an dá Iarscríbhinn a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráide lena bhfreastalaítear ar shainiúlachtaí i gcás gach cuspóra. Leagtar amach na difríochtaí sin sna pointí urchair thíos.

- Áirítear gníomhaíochtaí áirithe le haghaidh an mhaolaithe ar an athrú aeráide (Iarscríbhinn I), agus lena aghaidh sin amháin, agus ní le haghaidh an oiriúnaithe don athrú aeráide (Iarscríbhinn II), go háirithe:
 - “Réitigh shonraíbhunaithe chun astaíochtaí GCT a laghdú” (Roinn 8.2);
 - “Taighde, forbairt agus nuálaíocht le haghaidh CO₂ a ghabháil go díreach ón aer” (Roinn 9.2); agus
 - “Seirbhísí gairmiúla a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh” (Roinn 9.3).
- Áirítear gníomhaíochtaí áirithe le haghaidh an oiriúnaithe don athrú aeráide (Iarscríbhinn II), agus lena aghaidh sin amháin, agus ní le haghaidh an mhaolaithe ar an athrú aeráide (Iarscríbhinn I), go háirithe:
 - “Gníomhaíochtaí ríomhchlárúcháin, sainchomhairliúcháin ríomhaireachta agus gníomhaíochtaí gaolmhara” (Roinn 8.2);
 - “Gníomhaíochtaí clársceidealaithe agus craoltóireachta” (Roinn 8.3); agus
 - “Gníomhaíochtaí innealtóireachta agus sainchomhairliúchán teicniúil gaolmhar atá tiomnaithe don oiriúnú don athrú aeráide” (Roinn 9.1).
- Ina theannta sin, áirítear gníomhaíochtaí ar fud na n-earnálacha seo a leanas le haghaidh an oiriúnaithe don athrú aeráide, agus lena aghaidh sin amháin:
 - Árachas;
 - oideachas;
 - sláinte an duine;
 - obair shóisialta; agus
 - na healaíona, siamsaíocht, agus áineas.
- Áirítear gníomhaíochtaí áirithe sa dá Iarscríbhinn a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid ach tá difríocht idir a n-ainmneacha agus a dtuairiscí. Baineann sé sin go háirithe le bonneagar áirithe le haghaidh gníomhaíochtaí iompair (Ranna 6.15, 6.16 agus 6.17) agus le gníomhaíochtaí monaraíochta áirithe (amhail Ranna 3.2. agus 3.4.). Cuireadh ainmneacha agus tuairiscí na ngníomhaíochtaí sin in oiriúint do shainiúlachtaí an chuspóra faoi seach.
- Ar deireadh, cuireadh in iúl roinnt neamhréireachtaí i dteidil agus i dtuairiscí na ngníomhaíochtaí in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II. Mar shampla, tá na focail “solas” agus “ar cíos” in easnamh sa teideal agus sa tuairisc faoi seach ar ghníomhaíocht 6.5. “Iompar le gluaisrothair, le gluaisteáin phaisinéirí agus le feithiclí tráchtála” in Iarscríbhinn II. Ba cheart aon neamhréireacht den sórt sin a chur in iúl don Choimisiún lena ceartú a thuilleadh.

San fhaisnéisiú ⁽¹⁴⁾ i ndáil leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, cuirtear tuilleadh comhairle ar fáil maidir le dea-chleachtais i leith tuairisciú deonach le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta sa chéad bhliain den tuairisciú nó sna chéad bhlianta den tuairisciú.

11. **Conas a shainmhínítear láimhdeachas, caiteachas caipitiúil agus caiteachas oibriúcháin i gcomhthéacs an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?**

Leagtar amach sa Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh na sainmhínte ar eochairtháscairí feidhmíochta maidir le Láimhdeachas, Caiteachas Caipitiúil agus Caiteachas Oibriúcháin i Ranna, 1.1.1, 1.1.2 agus 1.1.3 d'Iarscríbhinn I faoi seach.

Ba cheart do ghnóthais neamhairgeadais an chuid sin dá nglanláimhdeachas a nochtadh (mar a shainmhínítear i Roinn 1.1.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh) a chomhfhreagraíonn dá ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht.

⁽¹⁴⁾ Breithnithe an Ardáin maidir le faisnéis dheonach a thuairisciú faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

A mhéid a bhaineann le faisnéis incháilithe maidir le caiteachas caipitiúil, i gcomhréir le Roinn 1.1.3.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, tá an tuairisciú dírithe ar thrí chatagóir de chaiteachas caipitiúil:

- a) Caiteachas caipitiúil a bhaineann le sócmhainní nó le próisis a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht;
- b) Caiteachas caipitiúil atá ina chuid de phlean chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht a leathnú nó chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht a chumasú chun bheith ailínithe leis an Tacsanomaíocht.
- c) Caiteachas caipitiúil a luaitear i gcatagóir (c) de Roinn 1.1.2.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, a bhaineann le ceannach aschuir ó ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht agus le bearta aonair lena gcumasaítear na spriocghníomhaíochtaí chun bheith ina ngníomhaíochtaí ísealcharbóin nó ina ngníomhaíochtaí as a dtiocfaidh laghdúithe ar ghás ceaptha teasa, go háirithe gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointí 7.3 go 7.6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile a liostaítear sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh faoi Airteagal 10(3), Airteagal 11(3), Airteagal 12(2), Airteagal 13(2), Airteagal 14(2) agus Airteagal 15(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

Na bearta a chomhfhreagraíonn do chatagóir (c), ní mór iad a chur chun feidhme agus a bheith oibríochtúil laistigh de 18 mí.

I gcás chatagóir c) de chaiteachas caipitiúil, tá an measúnú dírithe ar an aschur agus ar na bearta aonair. Níl sé dírithe ar an spriocghníomhaíocht eacnamaíoch a dtabhaítear an caiteachas ina leith. Ní mór d'eintitis a mheas an gcáilíonn an caiteachas mar seo a leanas:

- mar cheannach aschuir ó ghníomhaíocht atá incháilithe don Tacsanomaíocht; nó
- mar bheart aonair chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú a áirítear sa Tacsanomaíocht.

Is é sin le rá, ní mór na haschuir agus na bearta sin a bheith liostaithe sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid. Caiteachais ar shócmhainní nó ar phróisis a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun an spriocghníomhaíocht a chumasú chun bheith ina gníomhaíocht ísealcharbóin ach nach gníomhaíochtaí iad a liostaítear sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, ní thagann siad faoi chatagóir (c).

I gcás spriocghníomhaíocht neamh-incháilithe, mar shampla, i gcás ina ndéanann bialann grianphainéil a cheannach agus a shuiteáil, d'fhéadfadh caiteachas den sórt sin teacht faoi chatagóir (c). I gcás an athchóirithe foirgneamh, ní chumhdaítear le catagóir (c) ach bearta a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíochtaí a liostaítear sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid (e.g. fuinneoga áirithe atá fuinneamhéifeachtúil).

Leis an tuairisciú ar chaiteachas oibriúcháin le haghaidh na chéad bhliana nó na chéad bhlianta de chur chun feidhme an Ghnímh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní mór an cur chuige céanna a leanúint. Maidir leis an tuairisciú ar na trí chatagóir a luaitear i Roinn 1.1.3.2, ba cheart é sin a bheith dírithe ar incháilitheacht na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha dá gcomhfhreagraíonn an caiteachas sin. Dá bhrí sin, maidir leis na trí chatagóir (a), (b) agus (c) a luaitear i Roinn 1.1.2.2 agus 1.1.3.2 a bhaineann le huimhreoir an chaiteachais chaipitiúil agus an chaiteachais oibriúcháin, faoi seach, tá siad ábhartha maidir leis an tuairisciú incháilitheachta sa chéad bhliain nó sna chéad bhlianta de chur chun feidhme an Ghnímh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Mar shampla, maidir le catagóir (b), ghlacfaí le haon chaiteachas caipitiúil ar ghníomhaíochtaí incháilithe a rinneadh in 2021 (agus a tuairiscíodh i nochtadh 2022) mar chaiteachas incháilithe i dtuarascáil 2022. Tá an méid sin gan beann ar cé acu a bheidh nó nach mbeidh an infheistíocht faoin bplean caiteachais chaipitiúil i gcomhréir leis na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid tráth a aibíochta.

Ar an gcaoi chéanna, ghlacfaí le catagóir (b) de chaiteachas oibriúcháin ar ghníomhaíochtaí incháilithe a rinneadh in 2021 (agus a tuairiscíodh i nochtadh 2022) mar chaiteachas incháilithe i dtuarascáil 2022. Tá an méid sin gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht eacnamaíoch chomhfhreagrach i gcomhréir leis na critéir scagtha theicniúla. Is amhlaidh atá toisc nach gá d'eintitis tuairisciú a dhéanamh ar ailíniú a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chéad bhliain den tuairisciú.

San fhaisnéisiú ⁽¹⁵⁾ i ndáil leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, cuirtear tuilleadh comhairle ar fáil maidir le dea-chleachtais i leith tuairisciú deonach le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta sa chéad bhliain den tuairisciú nó sna chéad bhlianta den tuairisciú.

⁽¹⁵⁾ Breithnithe an Ardán maidir le faisnéis dheonach a thuairisciú faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

12. Cad é an raon feidhme atá le “caiteachais dhíreacha eile” a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh?

I Roinn 1.1.3.1 (“Ainmneoir”) d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, leagtar amach go gcuimhdófar le hainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta le haghaidh an tuairiscithe ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht “costais neamhchaipitlithe dhíreacha a bhaineann le taighde agus forbairt, bearta athchóirithe foirgneamh, léas gearrthéarmach, cothabháil agus deisiúcháin, agus aon chaiteachais dhíreacha eile a bhaineann le seirbhísí laethúil sócmhainní maoin, gléasra agus trealamh de chuid an ghnóthais nó an tríú páirtí ar chucu a dhéantar gníomhaíochtaí a sheachfhoinsíú, gníomhaíochtaí is gá lena áirithiú go bhfeidhmeoidh na sócmhainní sin go leanúnach agus go héifeachtach.”

Ar an gcaoi sin, baineann catagóir an chaiteachais oibriúcháin go dlúth le costais chothabhála agus deisiúcháin, ar costais iad a luaitear go sainráite cheana sa sainmhíniú ar chaiteachas oibriúcháin, i Roinn 1.1.3.1 d'Iarscríbhinn I.

Go praiticiúil, fágann sé sin go gcuimsítear nó go n-eisiatar na costais a leagtar amach sa tábla thíos le hainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta caiteachais oibriúcháin le haghaidh an tuairiscithe ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht.

Cuimsithe	Eisiaimh ⁽¹⁶⁾
— Ábhar cothabhála	— Forchostais
— An costas a bhaineann le fostaí atá ag deisiú meaisín	— Amhábhair
— An costas a bhaineann le fostaí atá ag glanadh mon-archan	— An costas a bhaineann le fostaí atá ag oibriú an mheaisín
— TF atá ceaptha le haghaidh cothabhála	— An costas a bhaineann le tionscadail taighde agus forbartha a bhainistiú
	— Leictreachas, sreabháin, nó imoibreacha is gá chun maoin, gléasra agus trealamh a oibriú

San fhaisnéisiú ⁽¹⁷⁾ i ndáil leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, cuirtear tuilleadh comhairle ar fáil maidir le dea-chleachtais i leith tuairiscíú deonach le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta sa chéad bhliain den tuairiscíú nó sna chéad bhlianta den tuairiscíú.

13. Conas ba cheart do ghnóthais ioncaim dhiúltacha a chur san áireamh i gcomhthéacs an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?

Ní shonraítear sa Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh conas caitheamh le hioncaim dhiúltacha faoin tuairiscíú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

D'fhéadfaí caitheamh le hioncam diúltach mar luach 0 % le haghaidh an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht. Mar sin féin, d'fhéadfadh gnóthais an luach diúltach a thuairiscíú i méid airgeadaíochta.

Má dhéanann an t-eintiteas ioncam diúltach laistigh de ghníomhaíocht amháin, d'fhéadfadh luach absalóideach an láimhdeachais dhearfaigh ó na gníomhaíochtaí eile a bheith san ainmneoir. D'fhéadfaí é sin a úsáid chun cion na ngníomhaíochtaí incháilithe a ríomh. Féach an sampla i dTábla 2.

Tábla 2

Sampla den chaoi le láimhdeachas atá incháilithe don Tacsanomaíocht a thuairiscíú má tá ioncam diúltach ann

Gníomhaíocht	Sampla: láimhdeachas absalóideach	Sampla: cion den láimhdeachas
Gníomhaíocht A	EUR 50 milliún	33 %
Gníomhaíocht B	EUR 100 milliún	67 %
Gníomhaíocht C	EUR -50 milliún	0 %

⁽¹⁶⁾ Tá an liosta seo neamh-uileghabhálach agus tugtar samplaí ann de chaiteachas nach mbeadh ag teacht le coincheap an chaiteachais oibriúcháin maidir le “cothabháil agus deisiúcháin, agus aon chaiteachais dhíreacha eile a bhaineann le seirbhísí laethúil sócmhainní maoin, gléasra agus trealamh de chuid an ghnóthais nó an tríú páirtí ar chucu a dhéantar gníomhaíochtaí a sheachfhoinsíú, gníomhaíochtaí is gá lena áirithiú go bhfeidhmeoidh na sócmhainní sin go leanúnach agus go héifeachtach” de réir Roinn 1.1.3.1 d'Iarscríbhinn I. Mar ráiteas ginearálta, ba cheart caiteachas a bhaineann le forchostais a eisiaimh chun an tsuibhachtúlacht a bhaineann go bunúsach le leithdháileadh forchostais ar an ítim shonrach maoin, gléasra agus trealamh lena mbaineann a sheachaint a mhéid is féidir.

⁽¹⁷⁾ Breithnithe an Ardáin maidir le faisnéis dheonach a thuairiscíú faoin tuairiscíú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

14. Ar cheart do ghnóthais tuairisciú dúbailte ar ghníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht a sheachaint?

Faoi Airteagal 10(2) den Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní mór do ghnóthais úsáid a bhaint as Roinn 1.2 d'Iarscríbhinn I chun faisnéis maidir le hincháilitheacht don Tacsanomaíocht a thuairisciú toisc go mbaineann sé le faisnéis cháilíochtúil a thuairisciú. Luaitear go sainráite in Iarscríbhinn I, Roinn 1.2.2.1, pointe (c), gur cheart do ghnóthais a mhíniú conas a sheachain siad áireamh dúbailte agus na méideanna láimhdeachais, caiteachais chaipitiúil agus caiteachais oibriúcháin atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht á leithdháileadh in uimhreoir na n-eochairtháscairí feidhmíochta ábhartha. Is é is aidhm don cheanglas seo iontaofacht agus comhsheasmhacht a áirithiú i dtuairisciú na dtrí eochairtháscaire feidhmíochta.

Moltar go nglacfaidh gnóthais, faoina dtuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht, cur chuige comhchosúil ina leith sin faoi Iarscríbhinn I, Roinn 1.2.2.1. Ní mór do ghnóthais a mhíniú conas a sheachain siad áireamh dúbailte na méideanna ábhartha láimhdeachais agus caiteachais ina dtuairisciú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha incháilithe.

15. Ar cheart d'eintiteas láimhdeachas atá incháilithe don Tacsanomaíocht a thuairisciú i gcás nach é féin a dhéanann an ghníomhaíocht eacnamaíocht, ach fochonraitheoir?

An t-ioncam a aithnítear faoi Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 1, mír 82(a), mar a glacadh le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún ⁽¹⁸⁾, soiléirítear in Iarscríbhinn I, Roinn 1.1.1 nach mór é sin a chumhdach leis an láimhdeachas tuairiscithe ó ghníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht.

Maidir leis an tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 10 den Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, moltar d'eintitis a thuairiscíonn faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) an t-ioncam a dtugtar cuntas air ina ráitis airgeadais a úsáid i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais chun a láimhdeachas le haghaidh na ngníomhaíochtaí incháilithe a nochtadh.

Ba cheart d'eintitis an bhunghníomhaíocht eacnamaíoch a chinneadh ar dtús i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid chun measúnú a dhéanamh ar conas ba cheart dó láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht a thuairisciú, d'ainneoin gur sholáthair fochonraitheoir na hearraí nó na seirbhísí. Tá an méid sin i gcomhréir le rialacha IFRS. Ansin, ba cheart don eintiteas a chinneadh cé acu a rialaíonn sé nó nach rialaíonn sé an ghníomhaíocht eacnamaíoch a sholáthraíonn fochonraitheoir. Ciallaíonn "rialú" sa chomhthéacs seo cé acu a rialaíonn nó nach rialaíonn an t-eintiteas na coinníollacha faoina n-oibríonn an fochonraitheoir.

San fhaisnéisiú ⁽¹⁹⁾ i ndáil leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, cuirtear tuilleadh comhairle ar fáil maidir le dea-chleachtais i leith tuairisciú deonach le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta sa chéad bhliain den tuairisciú nó sna chéad bhlianta den tuairisciú.

16. Conas ba cheart do ghnóthas neamhairgeadais tuairisciú a dhéanamh ar tháirgí agus ar sheirbhísí a úsáidtear go himhdeánach agus a dhíoltar go seachtrach ar an?

Soiléirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh nach mór do ghnóthais na príonsabail chuntasaíochta chéanna a úsáid a bhfuil feidhm acu maidir le hullmhú a ráiteas airgeadais bliantúil comhdhlúite chun a láimhdeachas atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht a ríomh. Déantar sin chun an inchomparáideacht a áirithiú leis an láimhdeachas arna thuairisciú i ráitis airgeadais chomhdhlúite an eintitis. Dá thoradh sin, nuair a ullmhaítear ráiteas neamhairgeadais comhdhlúite, d'eisiafaí díolacháin idir cuideachtaí agus láimhdeachas ó thomhaltas dílis de bharr phríonsabail chuntasaíochta an chomhdhlúthaithe.

Mar sin féin, foráiltear i Roinn 1.2.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh go nochtfaidh gnóthais neamhairgeadais *"faisnéis faoi na méideanna a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le tacsanomaíocht arna saothrú le haghaidh úsáid inmheánach na ngnóthas neamhairgeadais féin"*

Dá bharr sin, faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht, níor cheart d'aon eintiteas a áireamh ina uimhreoir ach an láimhdeachas ó dhíolacháin seachtracha. D'fhéadfaí láimhdeachas ó "dhíolacháin inmheánacha" a nochtadh ar bhonn deonach, ar leithligh ón nochtadh éigeantach faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ⁽²⁰⁾.

⁽¹⁸⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2008 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 320, 29.11.2008, lch. 1).

⁽¹⁹⁾ Breithnithe an Ardáin maidir le faisnéis dheonach a thuairisciú faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

⁽²⁰⁾ Ba cheart an tuairisciú deonach a ullmhú ar bhonn nach dtiocfar salach ar an bhfaisnéis éigeantach de bhun an Gnímh Tharmligthe maidir le Nochtadh nó nach dtabharfar mífhaisnéis i leith na faisnéise sin agus níor cheart níos mó tábhachta a thabhairt dó ná mar a thugtar do na nochtuithe éigeantacha. I gcás ina n-áiríonn gnóthas tuairisciú deonach, ba cheart mionsonraí tacaíochta a bheith ag gabháil leis ina leagtar amach an bunús leis an nochtadh sin agus na modhanna a úsáidtear lena ullmhú mar aon le míniú soiléir ar an difríocht idir é agus an tuairisciú éigeantach.

San fhaisnéisiú ⁽²¹⁾ i ndáil leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, cuirtear tuilleadh comhairle ar fáil maidir le dea-chleachtais i leith tuairisciú deonach le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta sa chéad bhliain den tuairisciú nó sna chéad bhlianta den tuairisciú.

17. Conas ba cheart do ghnóthais neamhairgeadais caitheamh le sócmhainní doláimhsithe faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?

Tagraítear sa Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh do shócmhainní doláimhsithe i gcomhthéacs an tuairiscithe ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht in dhá roinn:

- a) Roinn 1.1.1 i ndáil leis na heochairtháscairí feidhmíochta láimhdeachais; agus
- b) Roinn 1.1.2.1 i ndáil le hainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta caiteachais chaipitiúil.

Dá bhrí sin, ba cheart a chuimsiú leis an tuairisciú ar chaiteachas caipitiúil faoi Airteagal 10(2) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh sócmhainní doláimhsithe a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha incháilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 1(5) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Ba cheart an cur chuige céanna a leanúint i gcás láimhdeachas incháilithe a nochtadh. Fágann sé sin gur cheart glanláimhdeachas ó shócmhainní doláimhsithe a áireamh má chomhfhreagraíonn sé do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha incháilithe faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Ní chuimsítear sócmhainní doláimhsithe sa sainmhíniú ar chaiteachas oibriúcháin. Mar sin féin, cuimsítear iad sa sainmhíniú ar ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta caiteachais oibriúcháin i Roinn 1.1.3.1, ina dtagraítear do “costais neamhchaipitilthe dhíreacha” (féach Ceist 12 díreach thuas). Dá bhrí sin, ní áirítear sócmhainní doláimhsithe nach bhfuil caipitilthe faoi chaighdeán idirnáisiúnta cuntasáíochta 38 mar shócmhainní agus, dá bhrí sin, leithdháiltear iad ar chaiteachas oibriúcháin.

18. Ar cheart do ghnóthais neamhairgeadais incháilitheacht a ngníomhaíochtaí neamh-AE don Tacsanomaíocht a thuairisciú?

Ní mór do ghnóthais neamhairgeadais a thagann faoi raon na Treorach maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a chumhdach ina dtuairisciú neamhairgeadais gan beann ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar iad lasmuigh den Aontas. Baineann an cur chuige céanna leis an oibleagáid tuairiscithe faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ⁽²²⁾.

In Airteagal 10(2) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, leagtar amach na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar ghnóthais neamhairgeadais le haghaidh a gcéad bhliana den tuairisciú. Ní mór do ghnóthais neamhairgeadais an láimhdeachas, an caiteachas caipitiúil agus an caiteachas oibriúcháin a bhaineann le gníomhaíochtaí incháilithe neamh-AE a áireamh ina nochtadh incháilitheachta.

Bheifí ag súil leis freisin go gcuirfeadh gnóthais neamhairgeadais faisnéis ar fáil faoin measúnú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéantar i dtíortha lasmuigh den Aontas san fhaisnéis thuairisciúil a cheanglaítear faoi larscríbhinn I, Roinn 1.2 (*Sonraíochtaí nochtuithe a ghabhann le heochairtháscairí feidhmíochta gnóthas neamhairgeadais*). Bheadh an fhaisnéis a nochtar faoin roinn seo dírithe ar an measúnú ar incháilitheacht gníomhaíochtaí eacnamaíocha.

19. Conas ba cheart do ghnóthais neamhairgeadais caitheamh leis an láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí incháilithe a dhí-chomhdhlúthaítear le linn na bliana airgeadais?

An t-ioncam a aithnítear faoi Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 1, mír 82(a), mar a glacadh le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún, soiléirítear in larscríbhinn I, Roinn 1.1.1 nach mór é sin a chumhdach leis an láimhdeachas tuairiscithe ó ghníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht.

Maidir leis an tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht agus i gcomhréir le hAirteagal 10 den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, moltar d'eintitis a thuairiscíonn faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais an t-ioncam a chuirtear san áireamh ina ráitis airgeadais a úsáid faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais chun a láimhdeachas le haghaidh na ngníomhaíochtaí incháilithe a nochtadh.

Faoi Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 10, míreanna 25 agus B98, má chailleann máthairghnóthas rialú i bhfochuideachta, ní mór dó leanúint d'aon ioncam agus d'aon chaiteachas a aithint a eascraíonn as an bhfochuideachta sin agus a thabhaítear suas le dáta an dí-chomhdhlúthaithe (i.e. i gcás nach bhfuil fochuideachta ina cuid de mháthairghnóthas/de ghrúpa a thuilleadh) ina ráiteas ioncaim. Mar sin féin, ní mór gach sócmhainn agus dliteanas gaolmhar a dhí-aithint ón ráiteas maidir le staid airgeadais tar éis dí-chomhdhlúthaithe.

⁽²¹⁾ Breithnithe an Ardán maidir le faisnéis dheonach a thuairisciú faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

⁽²²⁾ Maidir le gnóthais airgeadais, soiléirítear in Airteagal 7 den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh nach ndéanfar risíochtaí neamh-NFRD (lena n-áirítear neamh-AE) a thuairisciú in uimhreachóir an eochairtháscaire feidhmíochta, faoi réir athbhreithniú atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 9 den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Mar shampla, díoltar fochuideachta an 30 Meitheamh agus suas leis an dáta sin tá láimhdeachas atá incháilithe don Tacsanomaíocht ginte aici. Dá bhrí sin, an 31 Nollaig ní dhéanfaidh an máthairghnóthas a dhéanann tuairisciú faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais sócmhainní agus dliteanas na fochuideachta sin a chomhdhlúthú a thuilleadh de bharr an chaillteanas i rialú a tharla an 30 Meitheamh. Mar sin féin, tabharfaidh sé cuntas fós ina ráiteas ioncaim ar an láimhdeachas atá incháilithe don Tacsanomaíocht a eascraíonn as an iar-fhochuideachta suas go dtí an 30 Meitheamh. Maidir leis an tuairisciú faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, fágann sé sin nach mór díolacháin atá incháilithe don Tacsanomaíocht a aithint freisin suas go dtí an 30 Meitheamh.

Gnóthais airgeadais

20. Cad ba cheart do ghnóthais airgeadais a thuairisciú mura bhfuil faisnéis faoi eintitis fholuiteacha ar fáil go poiblí?

Ní mór do ghnóthais a thagann faoin Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais a n-incháilitheacht don Tacsanomaíocht a thuairisciú ina ráiteas neamhairgeadais mar aon lena gcuntais bhliantúla. Tuairiscíonn gnóthais dhifriúla a gcuntais bhliantúla ag pointí difriúla le linn na bliana fiosaí. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an fhaisnéis uile atá ar fáil go poiblí ag gnóthais airgeadais chun a nochtadh incháilitheachta féin a chumasú sa chéad timthriall tuairiscithe (in 2022) ⁽²³⁾.

Le hAirteagal 10(3) den Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní eisiatar cur i bhfeidhm Airteagal 8(4) den Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Faoin Airteagal sin, ní mór do ghnóthais airgeadais úsáid a bhaint as an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil arna soláthar ag an eintiteas infheistiúcháin foluiteach airgeadais nó neamhairgeadais nó ag an gcontrapháirtí le haghaidh a dtuairiscithe incháilitheachta. Cabhraíonn sé sin leis an gcomhsheasmhacht idir an tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht agus an tuairisciú ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht, agus i measc gnóthas.

Mura bhfuil faisnéis ar fáil go héasca ná go poiblí, moltar do ghnóthais airgeadais teagmháil a dhéanamh lena n-eintitis fholuiteacha a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais. D'fhéadfáidís úsáid a bhaint as nochtuithe deonacha nó malartuithe déthaobhacha lena n-eintitis infheistiúcháin fholuiteacha nó lena gcontrapháirtithe chun faisnéis a bhaineann leis an Tacsanomaíocht a chur ar fáil.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh gnóthais airgeadais a chinneadh meastachán a dhéanamh ar a nochtuithe incháilitheachta agus an fhaisnéis a thuairisciú ar bhonn deonach, ar leithligh óna nochtuithe éigeantacha faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ⁽²⁴⁾.

San fhaisnéisiú ⁽²⁵⁾ i ndáil leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, cuirtear tuilleadh comhairle ar fáil maidir le dea-chleachtais i leith tuairisciú deonach le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta sa chéad bhliain den tuairisciú nó sna chéad bhlianta den tuairisciú.

21. Cad í an difríocht idir sócmhainní cumhdaithe agus sócmhainní iomlána i gcomhthéacs an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?

Leagtar amach sna larscríbhinní a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh raon feidhme na n-eochairthascáirí feidhmíochta le haghaidh an tuairiscithe ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht.

Mar shampla, leagtar amach in larscríbhinn V, Roinn 1.1 ("Raon feidhme na nEochairthascáirí Feidhmíochta"), gurb é atá sna sócmhainní cumhdaithe, i gcás institiúidí creidmheasa, na sócmhainní iomlána ar an gclár comhardaithe lúide na sócmhainní sin a eisiatar ó ríomh an chóimheasa sócmhainne glaise. Fágann sé sin gurb é atá i sócmhainní cumhdaithe na sócmhainní uile ar an gclár comhardaithe nó i bpunann bainisteora acmhainní, seachas risíochtaí ar bhainc cheannais, eistitheoirí fornáisiúnta agus rialtais láir, mar a leagtar amach in Airteagal 7(1) den Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. I gcás institiúidí creidmheasa, sócmhainní a shealbhaítear lena dtrádáil mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún ⁽²⁶⁾ (FINREP), ní thagann siad faoi na heochairthascáirí feidhmíochta freisin.

⁽²³⁾ Chun tuilleadh mionsonraí a fháil maidir le hoibleagáidí tuairiscithe, féach Ceist 4 ("Conas ba cheart do ghrúpaí measctha ina bhfuil gnóthais airgeadais agus neamhairgeadais, nó ag a bhfuil línte éagsúlaithe agus iolracha gníomhaíochtaí, tuairisciú a dhéanamh?") de na ceisteanna coitianta a foilsíodh.

⁽²⁴⁾ Leis an tuairisciú deonach níor cheart teacht salach ar an bhfaisnéis éigeantach faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ná mífhaisnéis a thabhairt ina leith. Níor cheart níos mó tábhachta a thabhairt dó ná mar a thugtar do nochtuithe éigeantacha. Má áiríonn gnóthas tuairisciú deonach, ba cheart mionsonraí tacaíochta a chur leis ina leagtar amach an bunús leis an nochtadh sin agus na modhanna a úsáidtear lena ullmhú agus míniú soiléir ar an difríocht idir é agus an tuairisciú éigeantach.

⁽²⁵⁾ Breithnithe an Ardáin maidir le faisnéis dheonach a thuairisciú faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

⁽²⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 (IO L 97, 19.3.2021, lch. 1).

I gcomhréir leis na heisiaimh faoi Airteagal 10(3) (b) agus (c), ba cheart do ghnóthais airgeadais raon feidhme sócmhainní cumhdaithe a úsáid chun a dtuairisciú ar incháilitheacht a nochtadh, ar raon feidhme é atá comhchosúil leis an raon feidhme sócmhainní cumhdaithe a úsáidtear le haghaidh a dtuairiscithe ailínithe. D'fhágfadh sé sin go mbeadh sé níos fusa an tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht a chur i gcomparáid leis an tuairisciú ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht.

Fágann sé sin gur cheart don ghnóthas airgeadais an méid seo a leanas a léiriú go soiléir:

- eisiatar na sócmhainní ó ainmneoir an chóimheasa maidir le sócmhainní atá incháilithe don Tacsanomaíocht (e.g. risíochtaí ar rialtais láir, ar bhainc cheannais agus ar eitheoirí fornáisiúnta; próifíl trádála na n-institiúidí creidmheasa); agus
- céatadán na sócmhainní cumhdaithe atá incháilithe don Tacsanomaíocht thar iomlán na sócmhainní.

22. Ar cheart airgead tirim agus sócmhainní coibhéise airgid a mheas i gcomhthéacs an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?

Ba cheart Airteagal 10(3) a léamh i gcomhar le hAirteagal 7 (1), (2) agus (3) den Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Ní eisiatar airgead tirim agus sócmhainní coibhéise airgid ó na risíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7 (1), (2) agus (3).

Faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh agus faoi larscríbhinn I a ghabhann leis, áirítear na risíochtaí sin in ainmneoir eochairtháscairí feidhmíochta institiúidí airgeadais, ar eochairtháscairí feidhmíochta iad atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht. Mar sin féin, ní cosúil go bhfuil sé indéanta incháilitheacht sócmhainní airgid thirim agus sócmhainní coibhéise airgid a mheas toisc, i bhfrinne, nach maoinítear gníomhaíocht eacnamaíoch leo. Níl sé soiléir freisin cén ghníomhaíocht eacnamaíoch ar a leithdháilfear na sócmhainní sin. Ní féidir na sócmhainní sin a thuairisciú mar shócmhainní lena maoinítear gníomhaíochtaí incháilithe go dtí go leithdháilfear na cistí ar ghníomhaíocht shonrach.

Bainisteoirí sócmhainní

23. Conas a fhéadfaidh bainisteoirí sócmhainní ualú a dhéanamh ar a sealúchais i bpunann chun sócmhainní atá incháilithe don Tacsanomaíocht a thuairisciú?

Le hAirteagal 10(3) den Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní cheanglaítear go n-úsáidfear na teimpléid tuairiscithe dá bhforáiltear sna hlarscríbhinní le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta. Mar sin féin, is é a mholtar do ghnóthais úsáid a bhaint as na teimpléid a chuirtear ar fáil sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh chun a dtuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht a ullmhú.

I ndáil leis sin, leagtar amach in larscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh na mionsonraí maidir le huimhreoire agus ainmneoir bainisteoirí sócmhainní le haghaidh a n-eochairtháscairí feidhmíochta atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht.

I gcomhréir le hlarscríbhinn III, Roinn 1 (*“Ábhar KPI le nochtadh ag bainisteoirí sócmhainní”*), ní dhéantar an tuairisciú incháilitheachta a ualú de réir an sciar i gcothromas, fiachas nó luach fiontair an ghnóthais, lena n-áirítear airgead tirim. Déantar é a ualú de réir luach na risíochtaí i sócmhainní iomlána an bhainisteora sócmhainní (féach an sainmhíniú ar an uimhreoire in larscríbhinn III, Roinn 1.1).

Mar shampla, i gcás ina bhfuil bainisteoirí sócmhainní nochta do dhá shócmhainn:

- Cothromas EUR 100 milliún i gcuideachta A atá 100 % incháilithe;
 - Banna EUR 100 milliún i gcuideachta B atá 0 % incháilithe.
- = EUR 200 milliún de shócmhainní iomlána.

Fágann sé sin: $50 \% \text{ d'incháilitheacht thar iomlán na sócmhainní} = (100 \times 100 \% + 100 \times 0 \%) / 200$.

San fhaisnéisiú ⁽²⁷⁾ i ndáil leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, cuirtear tuilleadh comhairle ar fáil maidir le dea-chleachtais i leith tuairisciú deonach le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta sa chéad bhliain den tuairisciú nó sna chéad bhlianta den tuairisciú.

24. An gcáilíonn morgáistí mar shócmhainní incháilithe le haghaidh bainisteoir sócmhainní (mar infheistíocht) nó le haghaidh an bhainc a sholáthair an iasacht ar dtús, agus lena n-aghaidh sin amháin?

Ba cheart Airteagal 10(3) a léamh i gcomhar le hAirteagal 7 (1), (2) agus (3) den Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Ní eisiatar morgáistí ó na risíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7(1), (2) agus (3). Dá bhrí sin, ba cheart morgáistí a cháiliú mar shócmhainní incháilithe le haghaidh bainisteoirí sócmhainní agus institiúidí creidmheasa.

⁽²⁷⁾ Breithnithe an Ardán maidir le faisnéis dheonach a thuairisciú faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

Árachóirí

25. Cad iad na gníomhaíochtaí ba cheart d'arachóir agus d'atharachóir a mheas agus a ngníomhaíochtaí fhrithgheallta á dtuairisciú acu i gcomhthéacs an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?

Leagtar amach sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bhfrithghealladh. Baineann na gníomhaíochtaí sin le gníomhaíochtaí árachais neamhshaoil agus atharachais lena gcuimsítear priacail a bhaineann leis an aeráid a fhrithghealladh.

Sonraítear gníomhaíochtaí árachais neamhshaoil incháilithe i Roinn 10.1, san fhoroinn dar teideal “Tuairisc ar an ngníomhaíocht”, pointí (a) go (h) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid. Mar a léirítear in ainm na gníomhaíochta, cé is moite de bheith páirteach i réim ghnó ábhartha, ní mór cumhdach a sholáthar ar na rioscaí a bhaineann le “priacail aeráide” i dtéarmaí an pholasaí árachais i bhfianaise Aguisín A a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid chun go nglacfar leo mar ghníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht.

Is féidir glacadh le hatharachas gníomhaíochtaí árachais incháilithe mar ghníomhaíocht atá incháilithe don Tacsanomaíocht.

Institiúidí creidmheasa

26. An bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí tuairiscithe faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh maidir le heintiteas mór nach institiúid creidmheasa é faoi Airteagal 4 den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil ach a gcaitear leis mar ghnóthas airgeadais faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais?

D'fhéadfadh an cás seo teacht chun cinn má chaitear le gnóthais airgeadais speisialaithe (e.g. gnólaíochtacht nó gnólaíochtacht ráthaíochta) nach institiúidí creidmheasa iad faoi Airteagal 4 den Rialachán AE 575/2013 ⁽²⁸⁾ (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR)) mar ghnóthais den sórt sin faoin dlí náisiúnta. Mura gcomhlíonann eintiteas an sainmhíniú ar institiúid creidmheasa a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil, ní thagann sé faoi raon feidhme an Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh de ghnáth.

Ar an taobh eile, má mheastar gur gnóthas mór leasa phoiblí é an t-eintiteas céanna ag a bhfuil níos mó ná 500 fostaí, tagann sé faoin Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais agus, dá bhrí sin, faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Dá réir sin, tá sé faoi réir an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht agus na n-oibleagáidí gaolmhara maidir le nochtadh freisin. Thairis sin, moltar do ghnólaíochtacht den sórt sin nochtadh ar bhonn deonach faoi Iarscríbhinn VI má mheasann siad go bhfuil an Iarscríbhinn seo níos ábhartha agus freisin má tá siad ag cur tuairisciú maoirseachta faoi bhráid a nÚdarais Inniúil Náisiúnta (NCA) i gcomhréir le (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún ⁽²⁹⁾ (FINREP)).

27. Conas is féidir caiteachas caipitiúil a bheith bainteach leis an iasachtú ilchuspóireach i gcomhthéacs an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht?

Le hAirteagail 10(2) agus 10(3) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní cheanglaítear go n-úsáidfear na teimpléid tuairiscithe dá bhforáiltear sna hIarscríbhinní le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta. Mar sin féin, is é a mholtar do ghnóthais úsáid a bhaint as na teimpléid a chuirtear ar fáil sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh chun a dtuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht a ullmhú.

I ndáil leis sin, leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh na mionsonraí maidir le conas nach mór d'institiúidí creidmheasa a n-eochairtháscairí feidhmíochta um ailíniú leis an Tacsanomaíocht a thuairisciú:

Más rud é nach eol úsáid na bhfáltais ((i) iasachtaí agus airleacain – ilchuspóireacha, (ii) urrúis fiachais – ilchuspóireacha, agus (iii) sealúchais chothromais, a ndéantar iad uile a thaifeadadh sa leabhar baincéireachta), ba cheart risíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht nó atá incháilithe don Tacsanomaíocht a ríomh faoi dhó. Is éard atá iontu suim ghlanluacha chomhlán na n-iasachtaí iomlána agus na n-airleacan iomlán, na n-urrúis fiachais, agus na sealúchais cothromais, nach eol úsáid na bhfáltais do ghnóthais neamhairgeadais. Ní mór an tsuim a ualú de réir chion ghníomhaíochtaí eacnamaíocha an chontrapháirtí, ar gníomhaíochtaí iad atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht nó atá incháilithe don Tacsanomaíocht, arna ríomh bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- eochairtháscaire feidhmíochta láimhdeachais an chontrapháirtí (an scair den láimhdeachas atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht); agus
- eochairtháscaire feidhmíochta caiteachais chaipitiúil an chontrapháirtí (an sciar den chaiteachas caipitiúil atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht).

⁽²⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólaíochtacht infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

⁽²⁹⁾ Rialachán (AE) 2021/451 an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos caighdeán theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 (IO L 97, 19.3.2021, lch. 1).

Dá bhrí sin, chun eochairtháscairí feidhmíochta um ailíniú leis an Tacsanomaíocht a thuairisciú, ní mór d'institiúidí creidmheasa eochairtháscaire feidhmíochta caiteachais chaipitiúil foilsithe na cuideachta foluítí a shannadh don iasacht ilchuspóireach ábhartha, don urrús fiachais ábhartha, nó don sealúchas cothromais ábhartha ar an gcaoi chéanna leis an eochairtháscaire feidhmíochta láimhdeachais ⁽³⁰⁾.

I gcás an tuairiscithe incháilitheachta, d'fhéadfadh institiúidí creidmheasa cion a sócmhainní ilchuspóireacha incháilithe a nochtadh bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- láimhdeachas incháilithe tuairiscithe an eintitis fholuitigh;
- agus ar chaiteachas caipitiúil incháilithe tuairiscithe an eintitis fholuitigh.

San fhaisnéisiú ⁽³¹⁾ i ndáil leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, cuirtear tuilleadh comhairle ar fáil maidir le dea-chleachtais i leith tuairisciú deonach le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta agus le haghaidh úsáid na dtéimhléad tuairiscithe sa chéad bhliain den tuairisciú nó sna chéad bhlianta den tuairisciú.

28. Conas ba cheart d'institiúid creidmheasa ag a bhfuil ceadúnas gnólachta infheistíochta faoin Treoir maidir le margai in ionstraimí airgeadais (MiFiD) a gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht a thuairisciú?

Más rud é go n-aicmítear máthairghnóthas mar institiúid creidmheasa (faoin Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil), ach go ndéanann sé gníomhaíochtaí infheistíochta, ba cheart dó na ceanglais maidir le hinstiúidí creidmheasa faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a leanúint.

Le hAirtéagail 10(2) agus 10(3) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní cheanglaítear go n-úsáidfear na teimpléid tuairiscithe dá bhforáiltear sna hlarscríbhinní le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta. Mar sin féin, is é a mholtar do ghnóthais úsáid a bhaint as na teimpléid a chuirtear ar fáil sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh chun a dtuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht a ullmhú.

I ndáil leis sin, leagtar amach in larscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh na teimpléid nach mór d'institiúidí creidmheasa a úsáid chun a bpríomh-eochairtháscairí feidhmíochta um ailíniú leis an Tacsanomaíocht a thuairisciú le haghaidh gníomhaíochtaí infheistíochta. Dá bhrí sin, i gcás an tuairiscithe incháilitheachta, d'fhéadfadh institiúidí creidmheasa, ar bhonn deonach, cion a ngníomhaíochtaí infheistíochta incháilithe a nochtadh.

San fhaisnéisiú ⁽³²⁾ i ndáil leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, cuirtear tuilleadh comhairle ar fáil maidir le dea-chleachtais i leith tuairisciú deonach le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta agus le haghaidh úsáid na dtéimhléad tuairiscithe sa chéad bhliain den tuairisciú nó sna chéad bhlianta den tuairisciú.

Margadh fiachais

29. Conas measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar incháilitheacht sócmhainne fiachais, amhail banna nó iasacht, don Tacsanomaíocht?

Le hAirtéagail 10(2) agus (3) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní cheanglaítear go n-úsáidfear na teimpléid tuairiscithe dá bhforáiltear sna hlarscríbhinní le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta. Mar sin féin, is é a mholtar do ghnóthais úsáid a bhaint as na teimpléid a chuirtear ar fáil sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh chun a dtuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht a ullmhú.

I ndáil leis sin, leagtar amach in larscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh na mionsonraí maidir le conas measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar iasachtaí agus ar ionstraimí fiachais le haghaidh eochairtháscairí feidhmíochta um ailíniú leis an Tacsanomaíocht. Maidir le luach láimhdeachas nó chaiteachas caipitiúil an eintitis fholuitigh (i.e. eintiteas infheistiúcháin nó contrapháirtí), ar láimhdeachas nó caiteachas caipitiúil é atá incháilithe don Tacsanomaíocht, mínítear in larscríbhinn V go mbaineann an luach sin le hiasachtú ilchuspóireach agus/nó le fiachas.

Chun incháilitheacht ionstraimí fiachais ilchuspóireacha don Tacsanomaíocht a ríomh, moltar go gcuirfear luach incháilitheachta an eintitis fholuitigh i bhfeidhm (láimhdeachas agus caiteachas caipitiúil).

Más rud é go bhfuil úsáid iomlán na bhfáltais ó ionstraim fiachais, nó cuid di, incháilithe don Tacsanomaíocht, thabharfaí tosaíocht do thuairisciú an luacha sin ar an luach ar leibhéal an eistheora laistigh de na heochairtháscairí feidhmíochta um ailíniú leis an Tacsanomaíocht. Féadfai na fáltais sin a leithdháileadh go díreach ar ghníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht nó féadfaidh siad a bheith ina gcuid de phlean caiteachais chaipitiúil nó de phlean caiteachais oibriúcháin chun gníomhaíocht nó sócmhainn atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht a dhéanamh de ghníomhaíocht nó de shócmhainn.

I gcás an tuairiscithe ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht, d'fhéadfaí a mheas, mar shampla, dá leithdháilfí 50 % d'fháltais na hionstraime fiachais ar thionscadail nó ar chlár atá incháilithe don Tacsanomaíocht, gur cheart gur 50 % a bheadh i luachanna láimhdeachas agus chaiteachas caipitiúil an bhanna, ar láimhdeachas nó caiteachas caipitiúil é atá incháilithe don Tacsanomaíocht.

⁽³⁰⁾ Tá an cur chuige seo ailínithe leis na rialacha tuairiscithe a leagtar amach sa Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais (NFRD). Mura bhfuil aon fhaisnéis ann faoin eistheoir, féadfaidh an t-eintiteas úsáid a bhaint as nochtuithe an mháthaireintitis má thagann sé faoin Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais.

⁽³¹⁾ Breithnithe an Ardáin maidir le faisnéis dheonach a thuairisciú faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

⁽³²⁾ Breithnithe an Ardáin maidir le faisnéis dheonach a thuairisciú faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

Ar an gcaoi sin, ní bheadh gach cuid d'ionstraim fiachais (ghlais) úsáide fáltais incháilithe faoin Tacsanomaíocht ina hiomláine. Mar sin féin, bheadh sí incháilithe le haghaidh an sciar de na fáltais is féidir a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht.

San fhaisnéisiú ⁽³³⁾ i ndáil leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, cuirtear tuilleadh comhairle ar fáil maidir le dea-chleachtais i leith tuairisciú deonach le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta sa chéad bhliain den tuairisciú nó sna chéad bhlianta den tuairisciú.

30. An gá úsáid na bhfáltais uile ó tháirgí fiachais a fhíorú go neamhspleách má thuairiscítear iad mar fháltais atá incháilithe don Tacsanomaíocht?

Níl aon cheanglas ann gur gá fáltais ó tháirgí fiachais a fhíorú go neamhspleách mar fháltais atá incháilithe don Tacsanomaíocht. Níl aon tionchar ag an bhfreagra sin ar cheanglais shonracha maidir le hathbhreithniú seachtrach nó dearbhú seachtrach faoi reachtaíocht an Aontais.

31. An féidir ionstraimí fiachais ghlais ó eintitis neamh-AE a thuairisciú mar ionstraimí atá incháilithe don Tacsanomaíocht?

Soiléirítear in Airteagal 10(3) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh gur cheart do ghnóthais airgeadais faisnéis a nochtadh agus na forálacha faoi Airteagal 7(3) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh á gcur san áireamh.

I gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, gnóthais nach dtagann faoin Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais (lena n-áirítear gnóthais neamh-AE), eisiatar iad ón uimhreoir ach áirítear iad in ainmneoir na n-eochairtháscairí feidhmíochta le haghaidh gnóthais airgeadais a thuairisciú maidir le hailíniú leis an Tacsanomaíocht. Déanfar athbhreithniú ar an gcóireáil sin faoin 30 Meitheamh 2024.

Mar sin féin, luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 7(4): *“Gan dochar do mhír 1, bannaí nó urrúis fiachais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de arna n-eisiúint ag gnóthas infheistiúcháin, a bhfuil sé de chuspóir acu gníomhaíochtaí sonracha sainaitheanta a mhaoiniú, áireofar in uimhreoir na n-eochairtháscairí feidhmíochta suas le luach iomlán na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht, ar gníomhaíochtaí iad atá á maoiniú ag fáltais airgeadais na mbannaí agus na n-urrúis fiachais sin, ar bhonn faisnéise arna soláthar ag an ngnóthas infheistiúcháin.”*

Dá bhrí sin, áireoidh gnóthais airgeadais in uimhreoir an nochtá incháilitheachta fáltais na mbannaí agus na n-urrúis fiachais atá incháilithe don Tacsanomaíocht, ar bannaí agus urrúis fiachais iad atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus a bhfuil sé de chuspóir acu gníomhaíochtaí sonracha sainaitheanta a mhaoiniú.

Áirítear le hurrúis fiachais faoi Airteagal 7(4) an úsáid a bhaineann eistitheoirí neamh-AE as bannaí fáltais, agus ní áirítear leo úsáid iasachtaí fáltais, i gcomhréir leis na sainmhínithe a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún (FINREP) ⁽³⁴⁾.

Mar ráiteas ginearálta, déanfar athbhreithniú ar raon feidhme an eisiaimh sin ó uimhreoir an eochairtháscaire feidhmíochta in 2024 i gcomhréir le hAirteagal 9 den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Ina theannta sin, leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní chuirtear cosc ar ghnóthais airgeadais faisnéis dheonach a áireamh maidir lena risíochtaí ar infheistiúcháin eintiteas neamh-AE trí úsáid a bhaint as fáltais a mheastar a bheith incháilithe. Ní mór an fhaisnéis sin a thuairisciú i gcónaí ar leithligh ón nochtadh éigeantach faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ⁽³⁵⁾.

San fhaisnéisiú ⁽³⁶⁾ i ndáil leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, cuirtear tuilleadh comhairle ar fáil maidir le dea-chleachtais i leith tuairisciú deonach le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta sa chéad bhliain den tuairisciú nó sna chéad bhlianta den tuairisciú.

32. An féidir fiachas ceannasach glas a thuairisciú mar fhiachas atá incháilithe don Tacsanomaíocht?

Soiléirítear in Airteagal 10(3) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh gur cheart do ghnóthais airgeadais faisnéis a nochtadh agus na forálacha a leagtar amach in Airteagal 7(1) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh á gcur san áireamh.

⁽³³⁾ Breithnithe an Ardáin maidir le faisnéis dheonach a thuairisciú faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

⁽³⁴⁾ Féach Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún agus Airteagal 1 2(a) de Mholadh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir leis na sainmhíniú ar mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

⁽³⁵⁾ Leis an tuairisciú deonach níor cheart teacht salach ar an bhfaisnéis éigeantach faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ná mífaisnéis a thabhairt ina leith. Níor cheart níos mó tábhachta a thabhairt dó ná mar a thugtar do nochtuithe éigeantacha. Má áiríonn gnóthas tuairisciú deonach, ba cheart mionsonraí tacaíochta a chur leis ina leagtar amach an bunús leis an nochtadh sin agus na modhanna a úsáidtear lena ullmhú agus míniú soiléir ar an difríocht idir é agus an tuairisciú éigeantach.

⁽³⁶⁾ Breithnithe an Ardáin maidir le faisnéis dheonach a thuairisciú faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

Le hAirteagal 7(1), eisiatar risíochtaí ar rialtais láir, bainc cheannais agus eistheoirí fornáisiúnta ó uimhreoir agus ainmneoir eochairtháscairí feidhmíochta gnóthas airgeadais a ríomh. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 10 den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, níor cheart do ghnóthais airgeadais a risíochtaí ceannasacha a áireamh ina nochtuithe maidir le incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

San fhaisnéisiú ⁽³⁷⁾ i ndáil leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, cuirtear tuilleadh comhairle ar fáil maidir le dea-chleachtais i leith tuairisciú deonach le haghaidh an tuairiscithe incháilitheachta sa chéad bhliain den tuairisciú nó sna chéad bhlianta den tuairisciú.

Idirghníomhaíocht le rialacháin eile

33. Conas a idirghníomhaíonn an Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh leis na ceanglais atá beartaithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach?

Leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD) atá beartaithe, lena leasaítear na ceanglais tuairiscithe atá ann cheana a tugadh isteach sa Treoir Chuntasaíochta leis an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais, ba cheart an Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a chomhlánú, a bhfuil an raon feidhme éigeantach céanna aige agus atá ag na rialacha maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta sa Treoir Chuntasaíochta ⁽³⁸⁾. Leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach atá beartaithe, leathnófar raon feidhme pearsanta na gceanglas tuairiscithe atá ann faoi láthair chun an méid seo a leanas a chumhdach:

- gach cuideachta mhór liostaithe agus neamhliostaithe; agus
- gach FBM liostaithe, seachas micreachuideachtaí.

I dteannta na gceanglas tuairiscithe a bhaineann leis an Tacsanomaíocht a shonraítear faoi láthair sa Ghníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht, beidh ar na cuideachtaí sin faisnéis inbhuanaitheachta a fhoilsiú ina dtuarascálacha bainistíochta, i gcomhréir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacfaidh an Coimisiún trí ghníomhartha tarmligthe.

De réir an togra le haghaidh Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, bheadh ar na cuideachtaí lena mbaineann faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh faoi na ceanglais nua den chéad uair in 2024, le haghaidh bhliain airgeadais 2023. Faoin togra, thairbheodh FBManna atá liostaithe d'idirthréimhse 3 bliana agus cheanglófaí orthu an fhaisnéis a nochtadh den chéad uair in 2027 le haghaidh bhliain airgeadais 2026.

I bprionsabal agus ag brath ar thoradh an phróisis reachtaigh i dtaca leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, saineofar ceanglais tuairiscithe faoi gach rialachán go soiléir agus ba cheart iad a bheith cuíchóirithe agus comhleanúnach a mhéid is féidir ionas nach dtuairisceodh cuideachtaí an fhaisnéis chéanna faoi dhó.

Ba cheart an fhaisnéis faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a thuairisciú sa tuarascáil bhainistíochta chéanna ar leibhéal na cuideachta, in éineacht le faisnéis eile a bhaineann leis an inbhuanaitheacht a cheanglaítear faoi fhorálacha na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach mar atá beartaithe. Maidir leis an bhfaisnéis sin, bheadh feidhm ag na ceanglais chéanna maidir le dearbhú agus digitiú agus a bheadh acu maidir leis an gcuid eile den fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear.

⁽³⁷⁾ Breithnithe an Ardáin maidir le faisnéis dheonach a thuairisciú faoin tuairisciú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht.

⁽³⁸⁾ Leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach atá beartaithe, táthar ag súil leis go leasófar forálacha na Treorach Cuntasaíochta a tugadh isteach leis an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais, faoi réir thoradh phróiseas caibidlíochta an togra. Féach togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach, COM/2021/189 final.